NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

**Snáitheanna:** Saol Teaghlaigh Freagrach, Teicstílí agus Ceardaíocht
**Gnéithe:** Sláinte agus Folláine, Maireachtáil Fhreagrach agus Inbhuanaithe

### Tasc

An Seomra Leapa is Ansa leat

### Torthaí Foghlama

**Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire....**

**2.6** na prionsabail agus treoirlínte dearaidh a chur i bhfeidhm chun seomra a phleanáil agus dearadh taobh istigh seomra a dhearadh

**2.7** na bealaí a aithint inar féidir le daoine aonair agus teaghlaigh cur le maireachtáil inbhuanaithe agus fhreagrach

**3.6** bealaí inar féidir míreanna éadaí agus/nó teicstílí sa teach a dheisiú, a athúsáid, a úsáid ar bhealach nua, a athchúrsáil agus a uaschúrsáil a thaispeáint

### Rúin Foghlama

**Táim ag foghlaim chun/Tá mé in ann...**

- An teicneolaíocht a úsáid chun smaointe a ghiniúint
- Prionsabail an dearaidh agus na treoirlínte maidir le pleanáil seomra a thuiscint
- Plean urláir cuí a sceitseáil
- Mo chuid tuisceana ar an inbhuanaitheacht a chur i bhfeidhm
- Meastóireacht a dhéanamh ar mo shaothar

### Tasc

Dear seomra codlata oiriúnach do dhéagóir. Ní mór prionsabail an dearaidh agus na hinbhuanaitheachta a thaispeáint sa seomra.

### Critéir Ratha

**Éireoidh leis an scoláire más féidir leis...**

**CR1** Prionsabail an dearaidh a léiriú

**CR2** Inbhuanaitheacht i bpleanáil seomra a léiriú

**CR3** Treoirlínte le haghaidh leagan amach agus pleanáil seomra a chur i bhfeidhm go cuí

**CR4** Meastóireacht agus machnamh a dhéanamh ar a chuid oibre

### Comhthéacs

Rinne scoláirí sa dara bliain, ag a bhfuil cumas measctha, an tasc seo idir deireadh mhí na Nollag agus tús mhí Eanáir. Tá roinnt taithí ag na scoláirí ar oibriú trí phróiseas na treorach le haghaidh dearadh ó theicstílí praiticiúla (an chéad bhliain) agus cócaireacht phraiticiúil (an chéad agus an dara bliain). Bhain foghlaim roimhe seo faoin inbhuanaitheacht le bainistíocht acmhainní sa chócaireacht phraiticiúil. Déanfar Measúnú Rangbhunaithe 1 tar éis na hoibre seo.

### Dálaí

D'oibrigh an scoláire ar an tasc seo sa rang agus sa bhaile thar imeacht trí seachtaine (4 x rang 40 nóiméad sa tseachtain). Bhí fáil ar chromebook (Teicneolaíocht dhigiteach) nuair ba ghá.

## Sampla 1


1.
Design a bedroom suitable for a teenager.
The room must show the principles of design
and sustainability
What was I asked to do?
I was asked to design a bedroom that is suitable for a
teenager
- The room should show the principals of design
↳ proportion ↳ emphasis ↳ balance ↳ rhythem
- The room should show sustainability and not harm
the environment

## Sampla 1


2.
Factors to consider when room planning
- Likes / dislikes
- traffic flow - how you can move about
- Cost - your budget
- Heating / lighting - windows
- Storage - is there room for storage?
- Existing features - what can't you change?

## Sampla 1



## Sampla 1


1. Bed
2. Bedside locker
3. Window
4. Light
5. Desk
6. Chair
7. Upcycled stool
SCOIL
SCHOOL
TEACHER
ÁBHAR
SUBJECT

Sampla 1


Sustainability
Led lights are sustainable because they save energy. Upcycling makes less waste and let's you have more use of something that only had one use. Using natural light saves use using electricity and you have a window to look out at the scenery.
Emphasis - Attention
Balance - mirror
Proportion - size
Rhythm - pulls room together
Principles of design
1. Emphasis: my fish tank wall shows emphasis because it draws attention as it is unusual.
2. Balance: my room shows balance because the furniture is mirroring.
My choice:
1. Emphasis
2. Balance
- Explain what principle is seen

## Sampla 1


Did I meet the brief? Why?
Yes I did meet the brief. My bedroom that I designed is suitable for a teenager because there is a place to study and the colours appeal to them (white, black and green) and their is plants to give it a tropical feel. My room showed principles of design because I added an overhead fishtank to draw attention to it and the princess bed underneath, which is emphasis and all the furniture mirrored which makes the room look neater, it shows balance The pops of green it the room shows rhythm. I showed sustainability as I used upcycled curtains and pillowcases. I also used natural lighting and Led Lights to save energy.
Evaluation
One thing that went well was that I used the principles of design as much as I could and that I used upcycled furnitures and soft furnishings
6.
One thing I would do differently is that I would work on proportion more so that the sketch of my room looks more realistic and put together. Next time I may also make a mini model to show off my creativity

## Sampla 1



## Aiseolas: Sampla 1

**CR1:** Sainaithníodh roinnt de na prionsabail dearaidh. Tuiscint mhaith ar an mbéim trí umar éisc a chur sa seomra agus míniú gairid a thabhairt. Thaispeánfadh míniú gairid scríofa níos faide tuiscint níos doimhne ar chothromaíocht mar phrionsabal dearaidh.

**CR2:** Fianaise ar thuiscint ar inbhuanaitheacht i dtéarmaí laghdú agus athúsáide agus trí smaointe do theicstílí uaschúrsáilte sna smaointe. In ann tuiscint níos leithne a léiriú ar an inbhuanaitheacht chun an obair a fheabhsú.

**CR3:** Sceitseáladh agus cuireadh lipéid ar an seomra. D'fhéadfaí an obair a fheabhsú trí lipéid a chur ar ghnéithe tábhachtacha ar nós an dorais. D'fhéadfaí an t-umar éisc (in úsáid chun béim a léiriú) a áireamh.

**CR4:** Machnamh an-mhaith ar an gcaoi a sásaíonn an obair an treoir ag úsáid samplaí chun na pointí a dhéanamh. D'fhéadfaí na pointí maidir leis na rudaí a bhí go maith a fhorbairt tuilleadh tríd an gcúis a mhíniú. Sainaithnítear comhréir mar rud a dhéanfá ar bhealach eile an chéad uair eile. An bhfuil codanna ar leith nach bhfuil an méid "réadúil"?

## Breithiúnas Foriomlán

Ag teacht leis na hionchais

## Sampla 2


EG
Design a bedroom
suitable for a teenager. The design must
show the principles of design and sustainability
design- emphasi, rythm, balance, proportion
eg.
emphasis attention sustainability - environment
What was I asked to do?
1. Design a room that suits a teenager
2. Show the principles of design (emphasis, rythm, balance, proportion)
3. Show the principles of sustainability
2

Sampla 2


3
Factors to consider when room planning?
Traffic flow- the amount of people coming in and out of the room
Storage- places to store your clothes, shoes and other belongings
Likes and dislikes- colours, patterns and how the room looks. How the person wants the room to look
4

## Sampla 2



Sampla 2


Room Planning
1. Door
2. Wardrobes
3. Beauty station
4. locker
5. lamp
6. Bed
7. Window
8. Television
9. Radiator
10. Bookshelf
11. Spotlights (eco-friendly)
12. stool
13. mirror
14. black clock

## Sampla 2



Principles of design

I chose this picture to show emphasis in the bedroom. The emphasis is shown with a big black clock on a plain white wall. These colours make the white wall compliments the darkness of the black clock and draw your attention to it.

I chose this picture to show proportion in the bedroom. The proportion is evident where the lockers and lamps are placed. There is a locker on each side of the bed, as well as a lamp, a mirror and a flowerpot. This doesn't make one side look heavier than the other and makes them equal.

## Sampla 2


Sustainability
One way that I would improve the sustainability in my dream bedroom is that I would install eco-friendly light bulbs. These light bulbs use 25%-80% energy than your average traditional incandescents. They can also save you money and can last 3-25 times longer.
Another way that I would improve the sustainability in my dream bedroom is to lower my thermostat during the winter months and wear something warmer to save energy. I would also open more windows during the summer rather than turning on my air conditioning and wasting energy.

## Sampla 2


Did I meet the brief?

Yes because the beauty station, bookshelf and television would suit a teenager. It would appeal to a teenager, and not a nana or a baby as they wouldnt use them as much as a teenager. Shown in room plan There is also emphasis in the bedroom. The emphasis is evident with the big, black clock on a plain, white wall. The black is the only pop of colour on the walls and it draws a lot of attention.
The bedroom is sustainable because there are eco-friendly spotlights that use less energy than standard lightbulbs which is healthier for the planet.

What went well

I am happy with my choice of eco-friendly spotlights because they should be used more than regular bulbs. I feel like people would actually purchase these items and the will help our planet due to less energy used.

What I could improve on

I would have liked to center my QR code in the middle of my circle rather than to the left because now it seems more empty with it to one side. One side looks heavier because my balance is off.

## Sampla 2



**Aiseolas: Sampla 2**

**CR1:** Tuiscint mhaith ar bhéim agus sainaithnítear íomhá shoiléir mar shampla. Is é comhréir an dara pri onsabal a shainaithnítear, tá earráid shuntasach ann. Is í an chothromaíocht an prionsabal a mhínítear leis an sampla.

**CR2:** Tuiscint mhaith ar inbhuanaitheacht trí úsáid a bhaint as samplaí, le míniú gairid tugtha. Tuiscint mhaith i gcuid na smaointe le míreanna teicstílí uaschúrsáilte a d'fhéadfaí a chur i do sheomra.

**CR3:** Sceitseáladh agus cuireadh lipéid ar an seomra (glan agus néata). Níl comhréir gnéithe áirithe m.sh. doras, agus an leaba beacht nuair a chuirtear i gcomparáid iad le méid gnéithe eile sa seomra. Tá lipéad ar an gclog dhubh (a úsáidtear chun béim a léiriú) agus ar an scáthán ach níl siad tarraingthe ar phlean an tseomra.

**CR4:** Meastóireacht mhaith ar an gcaoi a sásaíonn an obair an treoir ag úsáid samplaí chun na pointí a dhéanamh. Ní raibh an mheastóireacht ar na rudaí ar éirigh go maith leo sách forbartha.

**Breithiúnas Foriomlán**

Ag teacht leis na hionchais

## Sampla 3


①
Design a bedroom suitable for a teenager.
The room must show the principles of design and sustainability.
What was I asked to do?
I have to design a bedroom that is suitable for a teenager
In my bedroom the room should show at least two principles of design.
principles of design:
- proportion size
- emphasis attension
- balance symmetry / same
- rythm pulls room together - colour, pattern
My room must also show sustainability, take notice of people and whats good and bad for the enviorment.

## Sampla 3


2
Factors to consider when room planing:
- what I like and what I dislike
colours paint, furniture
- traffic flow, the amount of space I need to walk around the room
I dont want to have the room cluttered, I want it nice and spacious
- how much money I have to spend on the room
I dont want to spend to much I dont have enough
- how much storage that I would need
need to store all your belongings
- what type of heating or lighting you want
you might want a certain type I prefer one type over another

## Sampla 3



## Sampla 3



## Sampla 3


5
Sustainability:
Being sustainable is helping the envirmnet, therefore I wanteel to be sustainable in my bed room. I was sustanable because:
1: I used Led lighting, Led lights use less energy and last longer, They are also better for the envairment because they reduce light pollution. I also think that they look nice in a beedroom.
2: I have plants in my beedroom, by having plants in my beedroom they will help purify the air, remove toxins, increase the oxygen levels and moisture in the room. I also think the plants will make the room look stylish.
Principles of Design:
1: in my First picture, The principle that is seen is balance. In the picture there is a bed in the middle of the wall, over the bed there is 4 pictures that are the same shape and colour, They're in the shape of a square. On each side of the bed there is a Long tall mirror, they are both exactly the same. also theyre is 2 of the same tables on each side of the bed.
2: in my second picture, the principle that is seen is emphasis. In the picture at the end of the room there is a massive triangular window looking out onto a big Forest, it brings the nature into the Room.

## Sampla 3


Evaluation
6
Did I meet the Breif? why?
yes, because I designned a bedroom that is suitable for a teenager. It is suitable for a teenager because the colours and furniture in it are what a teenager would like.
My bedroom shows emphasis and balance, but I think a few stuff are out of proportion, like my door is very small compared to my bed.
In my bedroom I have showed sustainability. I upcycled textiles, I upcycled denim clothes and made a curtain. I also repurposed an old pram into a table.
one thing that went well? why?
Planning my room on paper went well because I got more of an idea of what would fit into my room, and also what would look nice in my bedroom.
What would I do differently? why?
I would first consider the four principles of design and then save idea's , rather than the other way around. Because after I saved my dream bedroom idea's . I realised that my room didn't show rythm and proportion

**Aiseolas: Sampla 3**

**CR1:** Tuiscint an-mhaith ar an gcothromaíocht trí mhíniú gairid/shamplaí agus íomhánna. Ach, chabhródh míniú gairid scríofa níos faide le tuiscint níos doimhne ar bhéim mar phrionsabal den dearadh a léiriú.

**CR2:** Tuiscint an-mhaith ar inbhuanaitheacht trí shamplaí a thabhairt le cúiseanna maidir leis an gcúis a bhfuil siad inbhuanaithe. Laghdú agus athúsáid á dtaispeáint go soiléir. Smaoineamh deas ba ea an nasc a rinneadh idir na gnéithe inbhuanaithe a bheith ina ngnéithe aeistéitiúla ("stíl a bheith leo"). Is cosúil gur nithe uaschúrsáilte iad go leor de na híomhánna i gcuid na smaointe. Taispeánann na míreanna teicstílí uaschúrsáilte freisin an chaoi ar féidir an seomra a dhearadh agus inbhua naitheacht ar intinn.

**CR3:** Plean seomra sceitseáilte agus lipéadaithe go maith. D'fhéadfadh an obair a bheith níos néata trí rialóir a úsáid chun an cur i láthair foriomlán a fheabhsú. Tá comhréir na ngnéithe agus an troscáin sa seomra go maith. Tá sceitse de phlandaí agus locair leapa mar a pléadh sa phointe cothromaíochta agus lipéid orthu i bplean an tseomra. Ach, níl sceitse de scátháin (mar a pléadh sa phointe cothro maíochta) ná lipéid orthu i bplean an tseomra.

**CR4:** Machnamh an-mhaith ar an gcaoi a sásaíonn an obair an treoir ag úsáid cúiseanna chun na pointí a dhéanamh. D'fhéadfaí an obair a fheabhsú trí shamplaí a thabhairt m.sh. cén troscán a thaitne odh le déagóir? Machnamh an-mhaith ar na rudaí a dhéanfá ar bhealach difriúil agus na cúiseanna leis. Thaispeáin tú go soiléir an chaoi ar athraigh d'fhoghlaim do smaointeoireacht agus do chur chuige sa todhchaí.

**Breithiúnas Foriomlán**

Os cionn na n-ionchas